# Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

# Fodhlíthe

# Arna nDéanamh faoi Chuid V

# d'Acht na mBóithre, 1993

**(arna leasú)**

Fodhlíthe arna ndéanamh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an 6ú Lá de mhí na Nollag 2021 faoi

**Chuid V d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú)**

a bhfuil tionchar acu ar an Dola-Bhóthar os cionn na Life ar a dtugtar an Nascbhóthar Thoir.

**CUID 1**

Sainmhínithe:

1. Sna Fodhlíthe seo, seachas sa chás go bhfuil a mhalairt sainráite, tá an bhrí atá tugtha dóibh faoi seach anseo sannta dóibh,
is é sin le rá:

| | |
|---|---|
| ciallaíonn "an tAcht" | Acht na mBóithre, 1993 arna leasú. |
| Ciallaíonn "Otharcharr" | feithicil inneallghluaiste atá inaitheanta go seachtrach mar otharcharr agus a úsáidtear go heisiatach chun daoine atá breoite, díobhálaithe nó míchumasaithe a iompar. |
| Ciallaíonn "Dola Oiriúnach" | an dola a ríomhtar trí thagairt a dhéanamh don Chéad Sceideal a ghabhann leis seo nó do mhéadú de réir Fhodhlí 12 de seo iníoctha i leith feithicle. |
| Ciallaíonn "na Bundolaí" | na dolaí atá sonraithe sa Chéad Sceideal a ghabhann leis seo. |
| Ciallaíonn "an Chuideachta Droichid" | Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe Dhroichead Dola na Rinne |
| Ciallaíonn "Bus" | feithicil inneallghluaiste atá ceaptha nó oiriúnaithe le haghaidh 12 phaisinéir nó níos mó agus a gcuid earraí a iompar agus nach bhfuil ceaptha nó oiriúnaithe go substaintiúil chun earraí a iompar nó ualach de thuairisc ar bith cibé acu chun críche trádála nó eile le meáchan neamhualaithe nach mó ná 6 thona. |
| Ciallaíonn "Feithicil Tráchtála" | feithicil inneallghluaiste atá ceaptha nó oiriúnaithe go substaintiúil le húsáid chun earraí nó ualach de thuairisc ar bith a iompar chun críche trádála nó eile. |
| Ciallaíonn "an Chomhairle" | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. |

| | |
|---|---|
| Ciallaíonn "Tiománaí" | duine atá i bhfeighil feithicle. |
| Ciallaíonn "ETC" | ríomhbhailiúchán dolaí áit a bhfuil an dliteanas dola a íoc de réir na n-achtanna agus na bhFodhlíthe seo á thaifeadadh go leictreonach |
| Ciallaíonn "Feithicil Briogáide Dóiteáin" | feithicil inneallghluaiste a úsáidtear chun dóiteáin a mhúchadh nó chun daoine nó maoin a tharrtháil ó chontúirt nó i gcóir an dá chríoch sin. |
| Ciallaíonn "Gluaisteán" | feithicil inneallghluaiste nach gluaisrothar ná feithicil tráchtála í agus atá ceaptha nó oiriúnaithe go príomha chun níos lú ná 12 phaisinéir agus a gcuid earraí a iompar. |
| Ciallaíonn "Gluaisrothar" | rothar atá inneallghluaiste nó mótarchuidithe a bhfuil nó nach bhfuil taobhcharr nasctha leis. |
| Ciallaíonn "Rothar Cos" | dhárothach nó trírothach atá ceaptha lena ghluaiseacht le troitheán. |
| Ciallaíonn "Coisí" | duine atá ag taisteal de chois. |
| Ciallaíonn "Dolabhoth" | an tsuiteáil sheasta nó shoghluaiste atá crochta ar an Dola-Bhóthar chun dolaí a bhailiú. |
| Ciallaíonn "Trealamh Bailithe Dolaí" | trealamh, meaisín nó córas atá deartha chun dolaí a fháil agus / nó a thaifeadadh ar mhodh meicniúil, leictreach nó leictreonach nó ar mhodh eile agus áireofar ann aon mheaisín nó córas a úsáidtear in ETC. |
| Ciallaíonn "Bailitheoir Dolaí" | duine atá ceaptha agus údaraithe ag an gComhairle nó ag an gCuideachta Droichid chun dolaí a bhailiú ar an Dola-Bhóthar agus chun admhálacha a eisiúint agus a iniúchadh agus chun oibreacha coimhdeacha a dhéanamh a bhaineann le reáchtáil an Dola-Bhóthair agus áireofar ann aon Oifigeach údaraithe de chuid na Cuideachta Droichid nó na Comhairle |

| | |
|---|---|
| Ciallaíonn an “Dola-Bhóthar” | an Dola-Bhóthar atá ag trasnú na Life i mBaile Átha Cliath ó acomhal Ché an Phoirt Thuaidh agus Bóthar an Phoirt Thoir ar an taobh thuaidh de Bhóthar Eabhrac ar an taobh ó dheas agus áirítear ann an ród, droichead agus oibreacha coimhdeacha ina gcuimsítear bóthar droichid réise dhá lána a shíneann ón droichead ar an taobh theas go dtí an Nascbhóthar Theas, an Baile Gaelach, an Rinn, Baile Átha Cliath. |
| Ciallaíonn “Bliain Dola” | an tréimhse 12 mhí dar tosach an $1^{ú}$ lá d'Eanáir agus dar críoch an $31^{ú}$ lá de mhí na Nollag in aon bhliain. |
| Ciallaíonn “Leantóir” | feithicil atá ceangailte d'fheithicil eile (lena n-áirítear ceangailte trí Mhuiniompar páirteach) chun an fheithicil eile sin á tarraingt nó chun í dá tarraingt. |
| Ciallaíonn “Feithicil” | aon fheithicil, gléas iompair nó modh iompair a bhfuil an Dola-Bóthar in úsáid aici nó aige agus áireofar ann leantóir freisin. |

## CUID II

**ÚSÁID AN DOLA-BHÓTHAIR**

**1.** Féadfaidh gach aicme tráchta lena n-áirítear coisithe, rothar cos agus gluaisrothair, gluaisteáin, busanna, feithiclí earraí, otharcharranna agus feithiclí briogáide dóiteáin Dola-Bhóthar a úsáid má tá an dola cuí íoctha mura bhfuil siad díolmhaithe ó íocaíocht faoi na Fodhlíthe seo.

**CEART CHUN DOLAÍ A ÉILEAMH**

**2.** Féadfaidh an Chomhairle nó an Chuideachta Droichid, ag gníomhú le toiliú uaithi, na dolaí atá sonraithe anseo a éileamh, a ghlacadh agus a ghnóthú.

**ÍOC DOLAÍ**

**3**. Maidir le tiománaí feithicle atá liostaithe sa Chéad Sceideal, íocfaidh sé nó sí an dola oiriúnach i ndáil leis an bhfeithicil nuair a úsáidtear an Dola-Bhóthar agus beidh a leithéid de dhola iníoctha nuair a théitear isteach ar aon chuid den Dola-Bhóthar.

**DOLABHOTH**

**4.** Maidir le tiománaí feithicle atá liostaithe sa Chéad Sceideal, íocfaidh sé ní sí an dola oiriúnach nuair a úsáideann sé nó sí an Dola-Bhóthar.

**LEANTÓIRÍ**

**5**. Sa chás go bhfuil leantóir á tharraingt ag feithicil, caithfear leis i dteannta leis an bhfeithicil mar fheithicil chumaisc amháin agus

déanfar cinneadh maidir leis an aicme tráchta lena mbaineann a leithéid d'fheithicil bunaithe ar chomhshuimiú mheáchain neamhualaithe na feithicle agus an leantóra agus bunaithe ar chomhshuimiú líon na n-acastóirí agus cibé acu atá nó nach bhfuil teagmháil á déanamh ag na hacastóirí leis an talamh; ar choinníoll nach mbainfidh sé seo le leantóir atá á tharraingt ag gluaisrothar, rothar cos, gluaisteán, bus nó aon fheithicil eile, nach sáraíonn a meáchan nó a mheáchan neamhualaithe aon tona amháin.

**CEART ÚSÁIDE**

**DOLA-BHÓTHAIR**

**6** Nuair a íoctar dola oiriúnach le bailitheoir dolaí
nó i meaisín Bailithe Dolabhotha nó ar shlí ar bith eile beidh an tiománaí i dteideal an Dola-Bhóthar a úsáid.

**ADMHÁIL**

**7.** Nuair a íoctar dola le Bailitheoir Dolaí, beidh an tiománaí i dteideal admháil a fháil don dola íoctha ar iarratas uaidh nó uaithi.

**DÍOLÚINTÍ**

**8.** Ní bheidh dola iníoctha maidir le catagóir úsáideoirí an Dola-Bhóthair mar atá sonraithe sa Dara Sceideal a ghabhann leis seo.

**OIBLEAGÁID CHUN DOLA A ÍOC**

**9**. Faoi réir aon díolúintí faoi na Fodhlíthe seo, ní fhéadfaidh aon duine an Dola-Bhóthar a úsáid gan an dola oiriúnach a íoc.

**TIOMÁNAÍ AG DIÚLTÚ DOLA A ÍOC**

**10.1** Maidir le tiománaí a dhiúltóidh nó a fhailleoidh aon dola nó aon chuid de dhola a íoc atá dlite go dleathach faoi na Fodhlíthe seo, féadfaidh Bailitheoir Dolaí diúltú cead a thabhairt don tiománaí taisteal ar an Dola-Bhóthar nó trí aon Dolabhoth nó aon áit eile a d'fhéadfadh gá a bheith le dola a íoc agus féadfaidh sé nó sí féin nó le cúnamh, mar a shíleann sé nó sí a bheith riachtanach, stopadh agus cosc a chur ar an tiománaí a dhiúltóidh nó a fhailleoidh ó thaisteal tríd nó ar an Dola-Bhóthar nó Dolabhoth sin.

**10.2** Ní oibreoidh duine ar bith ná ní dhéanfaidh sé nó sí iarracht trealamh bailithe Dolaí a oibriú trí oibiachtaí a ionsá seachas boinn d'ainmníocht oiriúnach stáit reatha nó cur isteach ar shlí eile ar an trealamh bailithe dolaí agus é mar aidhm buntáiste airgid a bhaint amach dó nó di féin go mímhacánta.

**LIOSTA DOLAÍ ATÁ LE TAISPEÁINT**

**11.** Beidh liosta de na dolaí atá údaraithe ag na Fodhlíthe seo ar taispeáint i gcónaí in áit fheiceálach ag nó gar don bhealach isteach chuig an Dola-Bhóthar.

**MÉID NA NDOLAÍ**

**12a** Is iad na dolaí atá sonraithe sa Chéad Sceideal a ghabhann leis seo na bundolaí arna ríomh i lár mhí Lúnasa 2019.

Ag an dáta sin, bhí an tInnéacs don Phraghasinnéacs Tomhaltóirí ( Gach Mír ) a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh cothrom le 102.8

**b**. Beidh na dolaí iarbhír a bheidh iníoctha in aon bhliain cothrom leis na bundolaí méadaithe faoin bPraghasinnéacs Tomhaltóirí reatha do Lár Mhí Lúnasa na Bliana roimhe sin (an chéad Innéacs a foilsíodh don tréimhse sin) roinnte ar an Innéacs oscailte atá cothrom le 102.8.

**c**. Sa chás nach bhfoilsítear an Praghasinnéacs Tomhaltóirí i mbliain ar leith, leanfar ar aghaidh leis an innéacs is déanaí a úsáid.

**d**. Beidh a leithéid de dholaí athbhreithnithe á ríomh bunaithe ar an 10c is gaire.

**e**. Sa chás go bhfanann an tInnéacs iomchuí mar an gcéanna in aon bhliain nó go dtugtar laghdú faoi deara i gcomparáid le figiúirí na bliana seo caite, beidh na dolaí mar a bhí i rith na bliana roimhe sin.

**f**. Beidh a leithéid de dholaí méadaithe dlite agus iníoctha ón 1ú lá de mhí Eanáir i ndiaidh Lár Mhí Lúnasa in aon bhliain ar leith.

**g.** Beidh liosta de na dolaí le haghaidh gach bliain arna ríomh á thaispeáint ar shuíomh

gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

**BAIC**

**13a** Ní cheadóidh aon duine atá i bhfeighil ar rothar, cairt, carráiste, gluaisteán, bus, feithicil nó modh iompair de thuairisc ar bith a leithéid a fhágáil ar an Dola-Bhóthar ionas go mbeidh a leithéid ina bhac do thrácht a bhfuil an Dola-Bhóthar ina úsáid aige nó aici nó d'oibriú réise oscailte an Dola-Bhóthair.

**b**. Féadfaidh na Bailitheoirí Dolaí, iad féin nó le cúnamh a shíleann siad atá riachtanach, a leithéid de bhaic a bhaint nó a thabhairt faoi deara go mbeidh a leithéid á bhaint ón Dola-Bhóthar agus ní bheidh an Chomhairle, an Chuideachta Droichid ná seirbhísigh, gníomhairí ná fostaithe dá gcuid, faoi dhliteanas le haghaidh aon damáiste a dhéanamh do bhac dá leithéid nuair atá sé á bhaint.

**14.** Cúlghairtear leis seo na Fodhlíthe arna ndéanamh faoi *Public Health (Ireland) Act 1878* agus Acht Rialtais Áitiúil (Dola-Bhóithre), 1979, a dhéanann difear don dola-bhóthar os cionn na Life ar a dtugtar an Nascbhóthar Thoir, arna ndéanamh ag an gComhairle ar an 13ú lá de mhí Eanáir 1983 agus deimhnithe ag an Aire Comhshaoil ar an 29ú lá de mhí Mhárta 1983.

**15** De réir Alt 61(8) den Acht beidh éifeacht leis na Fodhlíthe seo ar an 01 Eanáir 2022.

**CUID III**

**AN CHÉAD SCEIDEAL**

**MÉID AN BHUNDOLA**
**Le héifeacht ón 1ú lá de mhí Eanáir 2021**

**AICME TRÁCHTA**

| | | |
|---|---|---|
| **1** | Catagóirí úsáideoirí liostaithe sa Dara Sceideal a ghabhann leis seo:- | **Náid** |
| **2** | Gluaisteáin | €1.90 |
| **3** | Busanna (mura bhfuil siad díolmhaithe faoi Sceideal 2) | €2.90 |
| **4.** | Feithiclí Tráchtála nach bhfuil san áireamh in aon aicme eile le meáchan neamhualaithe nach sáraíonn 2 thona | €2.90 |
| **5** | Feithiclí Tráchtála os cionn 2 thona de mheáchan neamhualaithe agus nach bhfuil níos mó ná 2 acastóir orthu | €3.90 |
| **6** | Feithiclí Tráchtála a bhfuil níos mó ná 2 thona de mheáchan neamhualaithe iontu agus nach bhfuil níos mó ná 3 acastóir orthu | €4.80 |
| **7** | Feithiclí Tráchtála a bhfuil os cionn 2 thona de mheáchan neamhualaithe iontu agus nach bhfuil níos mó ná 4 acastóir iontu | €5.80 |
| **8** | Feithiclí Tráchtála a bhfuil níos mó ná 2 thona de mheáchan neamhualaithe iontu agus 5 acastóir nó níos mó. | €5.80 |

*Seachas i rith uaireanta oibre thródam HGV Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar atá sonraithe faoi láthair agus sa chás nár sháraigh an fheithicil na riachtanais maidir le tródam HGV, beidh feidhm le táille Náid.*

**CUID IV**

**AN DARA SCEIDEAL**

NÍ BHEIDH aon dolaí iníoctha i ndáil leis an méid seo a leanas:

(1) Coisithe

(2) Busanna iompair phoiblí atá ceadúnaithe ag NTA

(3) Feithiclí briogáide dóiteáin

(4) Otharcharranna

(5) Feithiclí marcáilte atá in úsáid dá gcuid oibre ag Óglaigh na hÉireann, An Garda Síochana agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

(6) Rothair cos agus gluaisrothair

(7) Feithiclí atá oiriúnaithe go speisialta atá á dtiomáint ag daoine faoi mhíchumas.

(8) Feithiclí inneallghluaiste a úsáidtear go heisiatach chun ainmhithe breoite, gortaithe nó ar strae, ainmhithe atá inaitheanta go seachtrach mar sin, a iompar.